# Cairt do Chustaiméirí Chomhairle Cathrach Chorcaí

Léiríonn an Chairt seo a thábhachtaí atá sé do Chomhairle Cathrach Chorcaí seirbhís agus cúram ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chustaiméirí. Tá Comhairle Cathrach Chorcaí meáite i gcónaí ar sheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí go léir ar bhealach éifeachtach, cothrom, measúil, rúnda agus neamhchlaonta.

## Leagtar amach sa Chairt do Chustaiméirí prionsabail na seirbhíse ar ardchaighdeán do chustaiméirí a bhféadfá a bheith ag súil léi ó Chomhairle Cathrach Chorcaí.

**Caighdeáin Seirbhíse den Scoth**

Cinnteoimid go ndéanfar de réir caighdeán seirbhíse den scoth.

**Comhionannas, éagsúlacht agus cearta an duine**

Cinnteoimid go gcaithfear go cothrom le gach duine agus go gcothóimid éagsúlacht na Cathrach agus agus go ndéanfaimid ár ndícheall torthaí comhionanna a bhaint amach do gach grúpa, de réir ár nDualgais Earnála Poiblí um chaighdeán agus um chearta an duine. Féachfaimid le teacht ar sheirbhísí a fheabhsú do dhaoine atá ag fulaingt na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta.

**Seirbhísí i dTeangacha Eile**

Déanfaimid iarracht freastal ar ár gcustaiméirí ar mian leo a ngnó a phlé as Gaeilge nó i dteanga chomharthaíochta na hÉireann agus i dteangacha eile.

**Oscailteacht agus neamhchlaontacht**

Déileálfaimid leat ar bhealach cothrom agus oscailte. Pléifimid aon ghné den déileáil a bheidh agat linn, agus míneoimid conas a thángthas ar chinneadh.

**Teacht Fhisiciúil**

Cuirfimid oifigí poiblí ar fáil a bheidh glan, a mbeidh teacht ag daoine orthu, oifigí a cloífidh le caighdeáin cheirde agus sábháilteachta agus a déanfaimid áisitheoireacht do dhaoine atá faoi mhíchumas agus ag a bhfuil riachtanais speisialta.

**Comhordú Níos Fearr**

Cothóimid cur chuige níos comhtháite maidir le seirbhísí a sheachadadh ar ár gcustaiméirí.

**Rogha**

Cuirfimid roghanna ar fáil maidir le:

- modhanna íoca
- teacht ar sheirbhísí
- seirbhís a sheachadadh

Bainfimid úsáid as teicneolaíocht a oiread agus is féidir linn chun feabhas a chur ar an tslí a chuirimid seirbhísí ar fáil agus chun teacht ar sheirbhísí ar líne a chur ar fáil.

**Faisnéis**

Cuirfimid faisnéis shoiléir, chabhrach, chruinn agus chothrom le dáta ar fáil, faisnéis is féidir a thuiscint go héasca.

Úsáidfimid teanga shimplí. Ní úsáidfimid téarmaí teicniúla agus dlíthiúla ach amháin nuair is gá sin. Míneoimid na téarmaí seo nuair a chaithfimid iad a úsáid.

Déanfaimid cinnte go gcoimeádfar ár suíomh idirlín agus na meáin shóisialta cothrom le dáta.

Déanfaimid do chuid faisnéise a chosaint.

**Do thuairimí a lorg**

Lorgóimid do thuairimí agus iarrfaimid ort agus cabhróimid leat páirt a ghlacadh sa tslí a dhéanaimid ár seirbhísí a fhorbairt, a sholáthar agus a mheas.

Déanfaimid monatóireacht agus meastóireacht ar ár seirbhísí agus ar ár bhfeidhmíocht i gcoinne na ngealltanas sa chairt seo. Leanfaimid orainn dár seirbhísí do chustaiméirí a athbhreithniú.

Iarrfaimid ar ár gcustaiméirí aiseolas a thabhairt faoi chaighdeán na seirbhíse a gheobhaidh siad uainn.

**Cuntasacht**

De mheon macánta agus ionraic a chuirfimid ár seirbhísí ar fáil de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde. Déanfaimid deimhin de go ndéanfaimid cinntí ar mhaithe le leas an phobail.

Déanfaimid monatóireacht ar a mhéad a chloífimid leis na caighdeáin ach athbhreithithe bliantúla a dhéanamh ar ár gcaighdeáin agus ar ár bhfeidhmíocht. Foilseoimid sonraí faoin bhfeidhmíocht a bhainfear amach.

**Fostaithe na Comhairle**

Déanfaimid deimhin de go bhféachfaimid ar ár gcomhghleacaithe go léir sa chomhairle mar chustaiméirí chomh maith. Cuirfimid oiliúint agus tacaíocht ar fáil dóibh. Fiafróimid díobh faoi na nithe sin a dhéanfaidh a gcuid oibre níos éifeachtaí chun seirbhísí a sholáthar.

**Amlínte agus Béasa**

Caithfimid lenár gcustaiméirí go léir go tráthúil, go béasach, agus go híogair.

Déanfaimid a bpríobháideacht agus a rúndacht a chosaint a oiread agus is féidir linn.

Beimid proifisiúnta agus cabhrach.

Cuirfimid sonraí teagmhála na foirne ar fáil chun a chinntiú gurb fhusa do chustaiméirí teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann más gá dóibh.

**Gearáin agus Achomhairc**

Cuirfimid nós imeachta gearáin agus achomhairc ar fáil do chustaiméirí, nós imeachta a mbeidh teacht go furasta air, a bheidh trédhearcach agus a bheidh éasca a úsáid. Is do dhaoine atá míshásta le caighdeán ár seirbhíse é seo.

Is féidir leat mionsonraí faoi ghearán a dhéanamh a fháil ag:


**Sonraí Teagmhála:**

Comhairle Cathrach Chorcaí, Halla na Cathrach, Sráid Anglesea, Corcaigh, T12 T997

+353 21 4924000

www.corkcity.ie


## Is é seo Eisint ár gCorcaíochais.

Comhairle Cathrach Chorcaí
Cork City Council

We are Cork.